**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**
**Roinn A Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2007

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DE hAOINE 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna: 300**

**STAMPA AN IONAID**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

1. ROINN A - 80 marc.
   Freagair 20 (fiche) ceist as Roinn A. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh***.

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. ROINN B - 220 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist as Roinn B. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 20 (fiche) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Mol **ceithre** thoisc a imríonn tionchar ar roghanna bia duine.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**2.** Cuir in iúl easpa **dhifriúil** a tharlaíonn de dheasca iontógáil íseal **gach ceann** de na cothaithigh seo a leanas:


| COTHAITHEACH | EASPA |
|---|---|
| **(i)** Cailciam | **(i)** |
| **(ii)** Vitimín C | **(ii)** |
| **(iii)** Iarann | **(iii)** |
| **(iv)** Vitimín K | **(iv)** |

**3.** Ainmnigh na codanna den ghránach atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C**.

**A** ______________________

**B** ______________________

**C** ______________________




**4.** Ainmnigh **dhá** rangú éisc agus tabhair sampla **amháin** de **gach** rangú:

| RANGÚ ÉISC | SAMPLA |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**5.** Mínigh an téarma ***traséilliú*** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**6.** Tabhair **<u>dhá</u>** chúis a ndéantar bia a phróiseáil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**7.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?

______________________________

______________________________

______________________________

Ainmnigh rud **<u>amháin</u>** ar a bhfuil sí le fáil ______________________________

**8.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** asbhaint dheonacha is féidir a bhaint as ioncam comhlán an fhostaí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**9.** Tabhair **<u>dhá</u>** fheidhm a bhaineann le Cumann Tomhaltóirí na hÉireann.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**THALL →**

**10.** Liostaigh **ceithre** sheirbhís stáit a íoctar le cánachas.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**11.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí tomhaltóra seo a leanas:

**(i)** **tosaíocht** ____________________

____________________

**(ii)** **monaplacht** ____________________

____________________

**12.** Mol **ceithre** bhealach chun an baol ó ghalar corónach croí a laghdú do dhuine.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(iv)** ____________________


**13.** Ainmnigh na codanna den chóras análaithe atá lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D**.

**A** ____________________

**B** ____________________

**C** ____________________

**D** ____________________




**14.** Minigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** **drugaí rialaithe** ____________________

____________________

**(ii)** **caitheamh fulangach tobac** ____________________

____________________

**15.** Tabhair **dhá** shampla dhifriúla de bhrú piarghrúpa ***dearfach*** i measc déagóirí.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**16.** Cad iad na gníomhaíochtaí ba cheart a dhéanamh i gcás sceitheadh gáis sa teach?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**17.** Tabhair **dhá** chúis ar cheart tithe a bheith inslithe.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**18.** Ainmnigh **dhá** dhath theolaí agus **dhá** dhath fhionnuara.

| DATHANNA TEOLAÍ | DATHANNA FIONNUARA |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**19.** Mol **ceithre** bhealach inar féidir le tomhaltóirí truailliú timpeallachta a laghdú.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**20.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí faisin seo a leanas:

**(i)** **oiriúintí** ______________________________

______________________________

**(ii)** **prêt-à-porter** ______________________________

______________________________

**21.** Luaigh airí inmhianaithe **amháin** agus airí neamh-inmhianaithe **amháin** a bhaineann le línéadach mar fhabraic d'éadaí.

**(i)** **airí inmhianaithe** ______________________________

**(ii)** **airí neamh-inmhianaithe** ______________________________

**22.** Ainmnigh **dhá** bhailchríoch oiriúnacha is féidir a fhorchur le fabraic le haghaidh seaicéad scoile.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**23.** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba cheart a leanúint nuair a bhíonn ball mín éadaigh á ní.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**24.** Ainmnigh **dhá** mhodh chun uaim chothrom a néatú.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2007

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**


Freagair **CEITHRE** (4) cheist as an roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# ROINN B
## 220 MARC

**1.**

**GLASRAÍ GALAITHE**
**ÚR-ÓN-bhFEIRM**

Cineál so-bhlasta de ghlasraí úra reoite. Galaigh go réidh chun foirfeachta iad agus bain taitneamh astu!



**EOLAS COTHAITHE**

Luachanna Tipiciúla in aghaidh an Riar

| | |
|---|---|
| Fuinneamh | 45 kcal |
| Próitéin | 4.6 g |
| Carbaihiodráit | 5.4 g |
| Saill | 0.6 g |
| Snáithín | 3.4 g |
| Sóidiam | Rian |
| Vitimín C | 34 mg |
| Aigéad Fólach | 99 µg |

**COMHÁBHAIR**

Cairéid, pónairí glasa, grán milis óg, piseanna.

Tugann dáileadh de 'Ghlasraí Galaithe úr-ón-bhFeirm' ceann amháin de na 5 chuid laethúil de thorthaí agus de ghlasraí atá molta.

Chun na torthaí is fearr a fháil GALAIGH ar feadh 5 nóiméad.

**(a)** Agus úsáid á baint agat as an eolas atá ar an lipéad táirge thuas, déan luach cothaithe na 'nGlasraí Galaithe úr-ón-bhFeirm' a mheasúnú.

**(b)** Dear biachlár do dhinnéar **<u>trí</u>** chúrsa, a mbeidh an táirge seo san áireamh ann, a bheidh oiriúnach do bhéile teaghlaigh.

**(c)** **(i)** Tabhair **<u>dhá</u>** chúis a moltar galú mar mhodh cócaireachta do na glasraí seo.

**(ii)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** mhodh cócaireachta eile atá oiriúnach do ghlasraí.

**(d)** Conas is féidir le déagóirí níos mó glasraí a bheith acu san aiste bia laethúil?

**(e)** Cad is ciall leis an tsiombail  seo?

**2.** **(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna ar cheart uibheacha a bheith mar chuid den aiste bia.

**(ii)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** chothaitheach thábhachtacha <u>nach</u> bhfuil le fáil in uibheacha.

**(b)** Cad iad na treoirlínte ba cheart a leanúint nuair a bhíonn duine **(i)** ag ceannach uibheacha **<u>agus</u>** **(ii)** ag stóráil uibheacha?

**(c)** Liostaigh **<u>cúig</u>** úsáid d'uibheacha sa chistin agus ainmnigh mias **<u>dhifriúil</u>** le **<u>gach</u>** úsáid a léiriú.

**(d)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** ghrúpa daoine nár cheart dóibh uibheacha amha a ithe **<u>agus</u>** abair cén fáth.

**(e)** Cad is uibheacha '***saor - raoin'*** ann?

**3.** **(a)** Cad is tomhaltóir ann?

**(b)** **(i)** Mínigh an difríocht atá idir riachtanais agus teastálacha. Tabhair samplaí i do fhreagra.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** thoisc a imríonn tionchar ar riachtanais agus ar theastálacha an tomhaltóra.

**(c)** Tabhair breac-chuntas **(i)** ar **cheithre** cheart a bhíonn ag tomhaltóirí agus **(ii)** ar **cheithre** fhreagracht a bhíonn ar thomhaltóirí.

**(d)** Ainmnigh **dhá** dhlí tomhaltóirí agus mínigh conas a thugann **gach ceann** díobh cosaint don tomhaltóir.

**4.** **(a)** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas maidir le forbairt an duine:
**(i)** forbairt mhothúchánach **(ii)** forbairt shóisialta **agus** **(iii)** forbairt mhorálta.

**(b)** Liostaigh **trí** athrú fhisiceacha a tharlaíonn do bhuachaillí in aois oirbhirt dóibh agus **trí** athrú fhisiceacha a tharlaíonn do chailíní in aois oirbhirt dóibh.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm a bhaineann le **gach ceann** díobh seo a leanas:
**(i)** úiríocha **(ii)** ubhagáin **(iii)** útaras **(iv)** ducht speirme.

**(d)** Déan cur síos achomair ar an timthriall míosta.

**5.** **(a)** Liostaigh na treoirlínte ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn cócaireán micreathonnach á roghnú do chistin nua-aimseartha.

**(b)** Tabhair **trí** bhuntáiste a bhaineann le cócaireán micreathonnach a úsáid.

**(c)** Mol **trí** úsáid dhifriúil a bhaineann le cócaireán micreathonnach.

**(d)** Liostaigh na rialacha ba chóir a leanúint nuair a bhíonn cócaireán micreathonnach **(i)** á úsáid **agus** **(ii)** á ghlanadh.

**(e)** Mínigh an téarma ***am seasta***.

**6.** Iarradh ort barréide spóirt oiriúnach a dhéanamh don rang Corpoideachais.

**(a)** Ainmnigh an fhabraic a roghnófa don bharréide spóirt **agus** tabhair **trí** chúis le do rogha.

**(b)** Liostaigh na treoirlínte ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn fabraic á ceannach.

**(c)** Déan sceitse den bharréide spóirt a dhéanfá, agus déan cur síos air.

**(d)** Mol **dhá** mhodh chun do bharréide spóirt a phearsanú.

**(e)** Sceitseáil **agus** déan cur síos ar lipéad cúraim oiriúnach don bharréide spóirt atá déanta agat.